



FREAGRAI AN CHOIMISIUIN EORPAIGH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó
CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Vacsainí COVID-19 a sholáthar san Aontas

Líon leordhóthanach dáileog curtha ar fáil tar éis na ndúshlán tosaigh, ach gan measúnú leordhóthanach déanta ar fheidhmíocht an phróisis

Ábhar

I. RÉAMHRÁ GINEARALTA LEIS NA FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN.....	2
II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE.....	3
1. Chruthaigh an tAontas córas soláthair saincheaptha le haghaidh vacsaíní COVID-19.....	3
2. Chloígh nós imeachta soláthair láraithe an Aontais leis an reachtaíocht is infheidhme.....	4
3. Clásail chonarthaacha agus seachadadh vacsaíní.....	4
4. Leis na hiarrachtaí comhbheartaithe a rinneadh, tacaíodh le cumas táirgthe vacsaíní an Aontais a mhéadú.....	5
III. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚIN AR MHOLTAÍ CIE.....	6
1. Moladh 1 – Cruthú treoirlínte maidir le soláthar paidéime ar bhonn na gceachtanna a foghlaimíodh.....	6
2. Moladh 2 – Tástáil struis a dhéanamh ar chur chuige an Aontais maidir le soláthar frithbheart leighis.....	7

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí an Choimisiúin Eorpaigh ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#), agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

I. RÉAMHRÁ GINEARALTA LEIS NA FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN

Is díol sásaimh don Choimisiún an Tuarascáil Speisialta seo ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) maidir le vacsaíní COVID-19 a sholáthar san Aontas. Bhain muintir na hEorpa tairbhe as an méid is féidir a bhaint amach le dlúthpháirtíocht an Aontais i réimse na sláinte, go háirithe maidir leis an straitéis vacsaíní chun paindéim COVID-19 a chomhrac.

Bhí sé d'aidhm ag straitéis vacsaíní an Aontais, a chuir an Coimisiún isteach an 17 Meitheamh 2020, dlús a chur le forbairt, monarú agus cur in úsáid vacsaíní COVID-19. Den chéad uair, bhunaigh sé córas soláthair ar an leibhéal lárnach agus i ndlúthchomhbheartú leis na Ballstáit.

I rith shamhradh na bliana 2020, agus ní ach cúpla mí tar éis thús na paindéime, bhí straitéis vacsaíní chomhchoiteann curtha i bhfeidhm ag an Aontas, den chéad uair riamh, trí chóras soláthair éigeandála a bhunú ar leibhéal an Aontais ar mhaithe leis na Ballstáit uile. Trí oibriú i gcomhar leis na Ballstáit, bhí an Coimisiún in ann an phunann vacsaíní is leithne de ar domhan a chur le chéile agus a chinntiú go bhfuair na Ballstáit go léir – gan beann ar a méid – iad ag an am céanna. Idir mí na Nollag 2020 agus mí an Mhárta 2021, bhí údarú margaióchta coinníollach faighte cheana féin ag ceithre vacsaín COVID-19 lena n-úsáid san Aontas. Cé go raibh roinnt tíortha beagán níos tapa ag an tús toisc go raibh siad ag feidhmiú i gcomhthéacs dlíthiúil eile (féach Roinn 2), bhí rath ar obair an Aontais agus é fós oscailte don domhan trí vacsaíní a roinnt.

Maidir le sprioc an Choimisiúin 70 % de dhaonra fásta an Aontais a vacsaíniú go hiomlán, bhí sin bainte amach aige faoi dheireadh mhí Lúnasa 2021. Faoin am seo, tá 83.3 % de dhaonra fásta an Aontais vacsaínithe go hiomlán agus tá teanndáileog faighte ag 62.3% acu. In aon bhliain amháin, táirgeadh thart ar 3 bhiliún dáileog de vacsaíní san Aontas¹. Ina theannta sin, ba é an tAontas Eorpach an réigiún a d'onnhairigh vacsaíní ar an scála is mó ar domhan - onnmhairíodh thart ar dhá thrian de na vacsaíní a táirgeadh san Eoraip do 167 tír.

Tá an Coimisiún ag leanúint de bheith ag cur le hobair na Saoráide um Rochtain Dhomhanda ar Vacsaín COVID-19 chun a áirithiú go ndáiltear vacsaíní go cothrom ar na tíortha rannpháirteacha i gcomhréir leis na treoirínte a d'fhorbair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS). Ó mhí na Bealtaine 2022 ar aghaidh, roinn Foireann na hEorpa breis agus 470 milliún dáileog le tríú tíortha.

Chun na vacsaíní COVID-19 a sholáthar, chlóigh an Coimisiún leis an gcreat dlí is infheidhme, eadhon an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála² agus an Rialachán Airgeadais³. Tar éis cúpla mí sa phróiseas, ghlac an Coimisiún teachtaireacht maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh⁴ ó phaindéim COVID-19. Thug paindéim COVID-19 léargas ar athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an creat maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna sláinte agus freagairt dóibh ar an leibhéal Eorpach a neartú. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh tograí an Aontais Sláinte, mar a thugtar orthu, an 11 Samhain

¹ Figiúr a eascraíonn as seachadtaí comhaontú réamhcheannaigh agus as na sásraí údaráithe onnmhairiúcháin/faireacháin, ó mhí Feabhra 2021 go Feabhra 2022.

² Rialachán (AE) 2020/521 ón gComhairle an 14 Aibreán 2020 lena ngníomhachtaítear an tacaíocht éigeandála faoi Rialachán (AE) 2016/369, agus lena leasaítear na forálacha lena mbaineann agus an ráig COVID-19 á cur san áireamh.

³ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018.

⁴ COM(2021) 380 final an 15 Meitheamh 2021.

2020,⁵ a raibh sé mar aidhm leo an creat dlíthiúil le haghaidh bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a neartú agus an ról ullmhachta agus freagartha do ghéarchéimeanna atá ag príomhghníomhaireachtaí an Aontais a threisiú, lena n-áirítear togra ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC)⁶. I mí Mheán Fómhair 2021, cruthaíodh Údarás an Choimisiúin um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA) chun cur le forbairt, monarú, soláthar agus dáileadh cothrom soláthairtí leighis agus trealamh leighis príomha le linn na héigeandála sláinte seo agus éigeandálaí eile amach anseo. Dá n-aithneofaí éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais a bheith ann, dhéanfaí comhordú méadaithe a ghníomhachtú agus d'fhéadfaí táirgí ábhartha géarchéime a fhorbairt, a chnádadh agus a sholáthar.

Ina theannta sin, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó ráig COVID-19, mhol an Coimisiún modhnuithe a dhéanamh ar an bpríomhchreat dlí is infheidhme maidir le soláthar ag Institiúidí an Aontais. Lena chur níos beachte, ghlac an Coimisiún togra lena leasaítear an Rialachán Airgeadais⁷ an 16 Bealtaine 2022, lena n-áirítear rialacha sonracha maidir le bainistiú géarchéime (i.e. géarchéimeanna sláinte), chun freagairt níos tapa a áirithiú agus chun na foirmiúlachtaí le haghaidh nósanna imeachta soláthair a éascú.

Glacann an Coimisiún leis na moltaí (féach tuilleadh Roinn III thíos).

II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE

1. Chruthaigh an tAontas córas soláthair saincheaptha le haghaidh vacsaíní COVID-19

Chuir an tAontas tús leis an bpróiseas soláthair⁸ i mí an Mheithimh 2020, trí mhí tar éis don EDS an ráig COVID-19 a fhógairt ina phaindéim dhomhanda. Is éacht neamhghnách é sin, ós rud é gur ghá an Rialachán maidir leis an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála (ESI) agus an comhaontú na 27 mBallstát uile (lena n-áirítear a nósanna imeachta inmheánacha a chur i gcrích) a ghníomhú agus a leasú chun go mbeidís ina mbunús dlí is gá don soláthar. Ní raibh aon fhasach ann maidir le vacsaíní a fháil go lárnach ar leibhéal an Aontais.

D'ainneoin na nósanna imeachta casta a raibh gá leo i ngach Ballstát chun an soláthar láraithe a bhunú, shínigh an tAontas a chéad chomhaontú réamhcheannaigh an 27 Lúnasa 2020. San Aontas, cuireadh tús leis an vacsaíniú an 26 Nollaig 2020, tar éis don Choimisiún údarú margaíochta coinníollach a dheonú don chéad vacsaín COVID-19. Faoi dheireadh mhí Lúnasa 2021, bhain an

⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún, Aontas Sláinte na hEorpa a thógáil: Treisiú le hathléimneacht an Aontais Eorpaigh i leith bagairtí sláinte trasteorann COM(2020) 724 final.

⁶ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE COM(2020) 727 final; agus Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, COM/2020/726 final.

⁷ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), tag. COM(2022) 223 final.

⁸ Féach míreanna 17-30 de thuarascáil CIE.

Coimisiún amach a sprioc cheana féin go ndéanfaí 70 % de dhaonra fásta an Aontais a vacsaíniú go hiomlán.

2. Chloígh nós imeachta soláthair láraithe an Aontais leis an reachtaíocht is infheidhme

Chloígh an nós imeachta le haghaidh na vacsaíní a sholáthar leis an gcreat dlí is infheidhme, eadhon an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála⁹ agus an Rialachán Airgeadais. Rinneadh céim ar leith roimh an nós imeachta maidir le glao ar thairiscintí, eadhon na réamhchomhairliúcháin margaidh. Ba chéim thábhachtach a bhí sna comhairliúcháin sin, ós rud é nach raibh aon vacsaín i gcoinne COVID-19 ann ag an am. Pléadh na “bileoga téarmaí”¹⁰ leis na monaróirí le linn na réamhchomhairliúcháin margaidh roimh thús oifigiúil an nós imeachta soláthair agus níor áiríodh iontu ach móreilimintí (go háirithe praghas, méid agus dliteanas tríú páirtí). Bhí roinnt saincheisteanna an-chasta agus an-tábhachtach amhail clásail fhoircinn agus dliteanas conarthach ina ngnéithe nua go hiomlán le linn an phróisis tairisceana fhoirmiúil.

Seoladh an chéad nós imeachta soláthair tar éis do na ceithre Bhallstát, a chuir tús leis an nós imeachta mar an Comhaontas Cuimsitheach um Vacsaíní (IVA), teacht ar chomhaontú roimh ré leis an monaróir.

3. Clásail chonarthacha agus seachadadh vacsaíní

Tugann an Coimisiún dá aire go ndéanann CIE feidhmíocht an Aontais a thagarmharcáil i gcomparáid le feidhmíocht na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe (SAM) (mír 13 de thuarascáil CIE). Ba mhaith leis an gCoimisiún an méid seo a leanas a chur in iúl sa chomhthéacs sin.

Ar an gcéad dul síos, ní raibh rochtain ag Cúirt Iniúcháirí na hEorpa ar chlásail iarbhír chonarthá SAM agus na Ríochta Aontaithe agus bhunaigh sí a hanailís ar thuarascálacha ó na Stáit Aontaithe agus ó chomhlachtaí iniúcháireachta na Ríochta Aontaithe a bhí ar fáil go poiblí (boscaí 2 agus 3). Dá bhrí sin, rinneadh scrúdú ar na conarthaí sna dlínsí éagsúla gan a bheith in ann anailís a dhéanamh ar théacs na gconarthaí.

Ar an dara dul síos, is díol sásaimh don Choimisiún an t-aitheantas a thug CIE don chomhthéacs dlíthiúil agus institiúideach éagsúil ina ndearnadh na conarthaí a thabhairt i gcrích, a chur i bhfeidhm agus a léirmhíniú. Mar shampla, sna Stáit Aontaithe, d’fhéadfadh an rialtas an tAcht um Tháirgeadh Cosanta (DPA) a agairt chun conarthaí tosaíocht-rátaithe a thabhairt i gcrích nó orduithe a chur isteach a bhfuil tosaíocht acu ar aon ordú eile muna bhfuil conraitheoir in ann na seachadtaí conraithe ar fad a dhéanamh in am. Is athrú suntasach é sin ar an gcomhthéacs ina dtugtar conarthaí rialtais do fhrithbhearta leighis sna Stáit Aontaithe i gcrích i gcomparáid leis an Aontas (bosca 3). Ina theannta sin, ní chuirtear san áireamh comparáid atá bunaithe ar chlásail chonarthacha amháin na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an dlí ábhartha is infheidhme maidir leis an gconradh atá difriúil i ngach ceann de na trí dhlínse i gcomparáid lena chéile. Le dlí na Beilge, a bhfuil feidhm aige maidir le conarthaí an Aontais, foráiltear do leigheasanna conarthacha sainordaitheacha tábhachtacha a mbeidh feidhm acu idir na páirtithe fiú gan forálacha leighis sonracha sa chonradh.

Ar an tríú dul síos, áitítear i dtuarascáil CIE gur láidre na clásail tosaíochta i gconarthaí na Ríochta Aontaithe ná na barántaí conarthacha i gconarthaí an Aontais. Mar sin féin, measann an Coimisiún go mbíonn feidhm ag clásal tosaíochta i gcónaí i ndáil le seachadtaí áirithe mar a mhínítear sa

⁹ Féach míreanna 35-39, agus 48-49 de thuarascáil CIE.

¹⁰ Féach míreanna 33 agus 35 de thuarascáil CIE.

tuarascáil (bosca 2 agus bosca 3), ach go mbíonn baránta conarthach i bhfeidhm go ginearálta agus go ndéantar foráil maidir le cosaint láidir chonarthaigh, go háirithe i gcomparáid le conradh gan aon phionóis a ghearradh as seachadadh déanach (mar a bhí i gcás chonarthaí na Ríochta Aontaithe, bosca 2). Léirítear an méid sin leis an gcás cúirte a thug an tAontas i gcoinne monaróra amháin (bosca 4). Sa chás sin, chinn cúirt na Bruiséile nach bhféadfaí clásal tosaíochta i gconradh de chuid na Ríochta Aontaithe a agairt in aghaidh an Aontais agus, dá bharr sin, go raibh an clásal neamh-infheidhmithe i gcoinne an Aontais mar gheall ar bharánta conarthach i gconradh an Aontais (mír 52 den ordú cúirte ábhartha).

Ar deireadh, cuireann an Coimisiún i dtábhacht gur áirithíodh le cur chuige an Aontais maidir le dliteanas agus slánú tríú páirtí go gcosnaítear cearta shaoránaigh an Aontais agus go bhfanann dliteanas dlíthiúil le cuideachtaí cógaisíochta i ngach cás. Mar gheall ar dhálaí na paidéime, áfach, ghlac na Ballstáit le roinnt de na rioscaí airgeadais a bhaineann leis na cuideachtaí a roinnt (mír 9 go mír 11). Tugann an Coimisiún dá aire go léiríonn CIE gurb an do chur chuige éagsúil sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe. Mar shampla, sna Stáit Aontaithe tugann an tAcht um Ullmhacht Phoiblí agus um Ullmhacht Éigeandála cosaint ar dhlíthíocht do na cuideachtaí cógaisíochta (bosca 2 agus bosca 3).

4. Leis na hiarrachtaí combheartaithe a rinneadh, tacaíodh le cumas táirgthe vacsaíní an Aontais a mhéadú

Go luath in 2021, bhí ar an Aontas, agus ar an domhan ar fad, aghaidh a thabhairt ar an riachtanas nach bhfacthas a leithéid cheana méadú a dhéanamh ar tháirgeadh vacsaíní¹¹. Agus na chéad Chomhaontuithe Réamhcheannaigh le haghaidh vacsaíní COVID-19 á síniú aige in 2020, bhí teorainn leis an bhfaisnéis a bhí ag an gCoimisiún maidir le hacmhainneacht táirgeachta agus slabhraí soláthair, go háirithe i bhfianaise na neamhchinnteachta faoina ndéanfaí vacsaíní a fhorbairt, a údarú agus a thabhairt.

Bunaíodh an Tascfhórsa um uas-scálú tionsclaíoch ar vacsaíní COVID-19 (TFIS) de chuid an choimisiúin i mí Feabhra 2021, tráth nach raibh an olltáirgeadh tosaithe cheana. Thacaigh sé le réiteach ar thranglaim ríthábhachtacha a bhaineann leis an éileamh domhanda méadaithe ar ítimí aon úsáide (amhail málaí bith-imoibreora, seachlanna, feadáin, scagairí) chomh maith le lipídí do vacsaíní mRNA. Tugadh tacaíocht do chúig mhonaróir vacsaíní agus do roinnt dá bpríomhsholáthróirí chun tús áite a thabhairt do sholáthar na n-ionchur criticiúil, rud a d'imreodh tionchar díreach ar an méadú ar an táirgeadh. Rinne TFIS measúnú ar shlabhraí soláthair na monaróirí vacsaíní agus ar an gcumas gealltanais a chomhlíonadh, mar a d'iarr cinnteoirí an Choimisiúin roimh shíniú na gComhaontuithe Réamhcheannaigh¹². Ina theannta sin, rinne TFIS faireachán agus mapáil ar tháirgeadh vacsaíní atá bunaithe san Aontas, d'éascaigh sé comhpháirtíochtaí tionsclaíocha nua, agus chuaigh sé i mbun idirphlé leis na Stáit Aontaithe, chun cabhrú le maolú a dhéanamh ar an nganntanas san Aontas atá nasctha leis an 'Acht um Tháirgeadh Cosanta'.

Tugann inniúlachtaí an Choimisiúin an deis idirghabháil dhíreach a dhéanamh chun dul i bhfeidhm ar an táirgeadh (Cabhair Stáit nó Comhaontuithe Réamhcheannaigh), ach chomh maith leis sin trí bheith ag obair go díreach le lucht tionscail agus le cuideachtaí chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill sa slabhra soláthair agus comhpháirtíochtaí tionsclaíocha a chothú, a mbeadh tionchar díreach acu ar an acmhainn táirgeachta. Dar leis an gCoimisiún, ní amháin go dtagann méadú ar acmhainneacht táirgthe as cinntí tráchtála a dhéanann monaróirí, ach chomh maith leis sin as gníomhachtú agus

¹¹ Féach míreanna 61-68 de thuarascáil CIE.

¹² Mar sin, bhí measúnuithe TFIS ina mbonn eolais ag an gcinneadh a rinne an Coimisiún maidir le síniú an tríú conradh le Pfizer-BioNTech, agus na chéad chonarthaí le Novavax agus Valneva.

leathnú láithreacha táirgthe, soláthairí leordhóthanacha de chomhábhair agus ábhair chriticiúla¹³, comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta láidre agus dlúthchomhar idir an Coimisiún agus an tionscal. Bhí an TFIS in ann ról éascaitheora agus tacaíochta a ghlacadh sa chomhthéacs sin. Maidir le córas lárraithe soláthair a bhunú do na 27 mBallstát agus ag na 27 mBallstát, in éineacht le bunú TFIS agus bearta breise ó na Ballstáit, bhí tionchar aige sin, agus cinnte rinne sé éascú, ar an mborradh a chur faoi chumas táirgthe an Aontais le haghaidh vacsaíní COVID-19, cé gur deacair an tionchar sin a chainníochtú.

Cuireann CIE in iúl go láidir go raibh fadhbanna réamh-mheasta ag SAM agus ag an Ríocht Aontaithe maidir le slabhraí monaraíochta agus soláthair níos luaithe sa phróiseas soláthair¹⁴. Mar sin féin, maidir leis an réamh-mhaoiniú a cuireadh ar fáil i gcomhréir leis na Comhaontuithe Réamhcheannaigh, ba é ba aidhm dó sin chomh maith tacú leis an bpróiseas táirgthe, agus faoi mhí na Bealtaine 2021 ba mhó táirgeadh vacsaíní an Aontais na táirgeadh na Stát Aontaithe.

Mar thoradh ar roinnt iarrachtaí comhbheartaithe, méadaíodh go mór an cumas táirgeachta san Aontas, ó 20 milliún dáileog vacsaíne ag tús 2021 go cumas míosúil agus táirgeadh iarbhir thart ar 300 milliún dáileog vacsaíne faoin dara leath de 2021¹⁵.

Na ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí TFIS, tháinig astu sin gné láidir thionsclaíoch a bhaineann le HERA, lena dtugtar aghaidh ar shaincheistanna a bhaineann leis an slabhra soláthair agus le táirgeadh: fardail de shaoráidí táirgthe ábhartha in amanna éigeandála, faireachán agus mapáil leanúnach ar shlabhraí soláthair agus ar chumais táirgthe ábhartha le linn tréimhsí ullmhachta, agus bunú líonra síorullamh acmhainneacht táirgeachta FAB an Aontais¹⁶.

III. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE

1. Moladh 1 – Cruthú treoirlínte maidir le soláthar paidéime ar bhonn na gceachtanna a foghlaimíodh

(Dáta cur chun feidhme: bliain amháin tar éis ghlacadh an dá bhunús dlí)

A luaithe a ghlacfar an Creat-Rialachán Éigeandála agus an Rialachán Airgeadais athbhreithnithe, tar éis dó dul i gcomhairle le húdaráis na mBallstát agus le geallsealbhóirí ábhartha, agus tar éis dó tagarmharcáil a dhéanamh le córais soláthair eile chun dea-chleachtais a shainiú, ba cheart don Choimisiún a chur ar fáil d'fhoirne caibidlíochta a bheidh ann amach anseo treoirlínte maidir le soláthar paidéime agus/nó na ceachtanna a foghlaimíodh.

Glacann an Coimisiún leis an moladh.

¹³ Chuidigh an TFIS cuid mhór den 150 scrogall soláthair a d'aithin sé a réiteach i suíomhanna táirgeachta éagsúla de chuid an Aontais, rud a d'éascaigh borradh a chur faoi acmhainn táirgeachta na gcuideachtaí.

¹⁴ Féach míreanna 64 de thuarascáil CIE.

¹⁵ Faireachán inmheánach an Choimisiúin, a eascraíonn as seachadtaí APA agus as na sásraí údaráithe onnmhairiúcháin/faireacháin.

¹⁶ https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/fs_22_2664

Chuir an Coimisiún pacáiste reachtach tograí le haghaidh bainistiú géarchéime ar aghaidh sa togra athmhúnlaithé maidir leis an Rialachán Airgeadais (a glacadh an 16 Bealtaine 2022¹⁷) agus togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le creat beart a bhaineann le frithbhearta leighis i gcás éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais (“An Rialachán Réime Éigeandála”¹⁸). Cuirfear treoir ar fáil chun léirmhíniú a dhéanamh ar na bearta nua a mholfar laistigh de bhliain amháin tar éis don reachtóir na gníomhartha sin a ghlacadh.

2. Moladh 2 – Tástáil struis a dhéanamh ar chur chuige an Aontais maidir le soláthar frithbheart leighis

(Dáta cur chun feidhme: R2 2024)

Ba cheart don Choimisiún, d’fhonn a bheith i gcomhréir leis na dea-chleachtais agus rannchuidiú leis an athbhreithniú ar an Rialachán ón gComhairle maidir le creat éigeandála do fhrithbhearta leighis:

- a) Measúnú riosca a dhéanamh ar chur chuige soláthair de chuid an Aontais agus bearta iomchuí a mholadh.**
- b) Cleachtaí a reáchtáil chun gach cuid dá straitéis nó dá creat soláthair paidéime nuashonraithe a thástáil, lena n-áirítear faisnéis agus faisnéis a bhailiú, chun laigí agus réimsí ar féidir feabhas a chur orthu a shainathint agus na torthaí a fhoilsiú.**

Glacann an Coimisiún leis an moladh.

¹⁷ https://ec.europa.eu/info/publications/financial-regulation_ga

¹⁸ <https://www.eumonitor.eu/9353000/1/j9vvik7m1c3gyxp/vlm9r29csjzc>